Rugbaí I ROCK

Simon Keartland- Feachtas Rugbaí 2010

Thosaigh muid an feachtas seo go rathúil ar dtús leis an bhfoireann sóisearach agus sinsireach ag dul ar aghaidh chuig an dara babhta. Bhí an bua ag an SCT i gcoinne Belvedere, agus cluiche fíor dheacair a bhí ann!! Bhí cluiche ag an JCT i gcoinne foireann láidir ó Kings Hospital. Ar an drochuair, chuaigh an SCT amach i gcoinne St. Gerards agus bhí brón an domhain ar an scoil go léir ar feadh cúpla seachtain. Fós féin, tá muid fíor-bhródúil astu. Beidh cluiche ag an JCT i gcoinne St. Michaels ar an 9ú lá de Mhárta. Fiú gan ár scoil sa chomórtas sinsearach, mar is gnáth is suimiúil é an chaoi go bhfuil sé ag dul ar aghaidh agus guímis gach ádh agus rath ar na foirne go léir atá fágtha!! Rock abú!

Simon O'Carroll- Rugbaí i gColáiste na Carraige Duibhe

Is ceann desna buaicphointí is mó inár scoil na feachtais rugbaí sóisearach agus sinsearach i gColáiste na Carraige Duibhe. Nuair a thosaíonn an feachtas, toghtar Cheerleaders a fhreastalaíonn na cluichí go léir chun atmaisféar iontach a chothú i measc an lucht féachana. Cantar amhráin éagsúla ag na cluichí leis a chuireann leis an atmaisféar seo. Ach is iad na an cúpla seachtain ag druidim leis an gcéad chluiche an cúpla seachtain is fearr sa bhliain scoile ar fad agus tá cúpla cúis ann dó. Ar dtús, bíonn cúpla comórtas eagraithe ag na 'cheerleaders' oscailte do gach duine, mar shampla, comórtas don amhrán is fearr cumtha dos na cluichí, nó an dearadh is fearr dosna cláir. Chomh maith leis sin, bíonn seans ag gach bliain sa scoil chun cleachtadh leis na 'Cheerleaders' i halla na hlubhaile. Cabhraíonn sé seo dúinn chun cleachtadh!

Deineann cleachtadh foirfeacht!!! Ach is é an rud is fearr fén rud ar fad ná an slógadh scoile mór nuair a bhailíonn daoine ó gach bliain ón dara bliain ar aghaidh le chéíle i halla na hIubhaile. Tugann an bheirt chaptaen oráidí ar an stáitse agus cuireann siad físteip ar siúl chomh maith faoi leon na Carraige Duibhe! Chomh maith leis sin, bíonn aoieanna speisialta ann, mar shampla i bliana, bhí ár iarscoláire féin Luke Fitzgerald againn. Ag deireadh an fheachtais, agus ag féachaint siar ar an rud ar fad, is Cuma má bhíonn an corn againn nó nach mbíonn, is deacair go deimhin gan a bheith bródúil as a bheith i do dhalta i gColáiste na Carraige Duibhe.